



IRISH RESEARCH COUNCIL
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

AN CHOMHAIRLE UM THAIGHDE IN ÉIRINN RIALTAS NA hÉIREANN
SCÉIM COMHALTACHTA IARDHOCHTÚIREACHTA

2020

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA



AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

1. SAINMHÍNITHE

- 1.1 Ciallóidh **meantóir acadúil** an duine nó na daoine a bheidh freagrach as tacaíocht a thabhairt don chomhalta, agus meantóireacht a dhéanamh ar an gcomhalta, agus as caighdeán acadúil an taighde a dhéantar faoin gcomhaltacht a chinntiú.
- 1.2 Ciallóidh **an Chomhairle** [an Chomhairle um Thaighde in Éirinn](#).
- 1.3 Ciallóidh **an Comhalta** an duine a mbronntar an chomhaltacht air/uirthi.
- 1.4 Ciallóidh **Comhaltacht nó Comhaltacht Comhairle** Comhaltacht lardhochtúireachta na Comhairle um Thaighde in Éirinn, de réir mar a leagtar amach sa Litir Thairisceana.
- 1.5 Ciallóidh **ciste comhaltachta** an maoiniú don chomhaltacht.
- 1.6 Ciallóidh **téarma maoiniúcháin** an tréimhse idir dáta tosaithe oifigiúil agus dáta críochnaithe comhaontaithe na comhaltachta.
- 1.7 **Institiúid ardoideachais (IAO)** Chun críche na gcomhaltachtaí seo, ní mór d'institiúid ardoideachais in Éirinn (mar a sainmhínítear i gClásal 1.8) a bheith: de réir bhrí Alt a hAon d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971; agus/nó a bheith ceadaithe chun críche an Tionscnaimh Táillí in Aisce; agus/nó bheith ag fáil maoiniú poiblí de shaghas éigin eile ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Cuirtear liosta d'Institiúidí Ardoideachais incháilithe na hÉireann ar fáil ar [láithreán gréasáin](#) na Comhairle.
- 1.8 Ciallóidh **Éire** chun críche chuspóirí na dTearmaí agus na gCoinníollacha sin Poblacht na hÉireann.
- 1.9 Ciallóidh **Institiúid Ardoideachais Idirnáisiúnta nó IAO Idirnáisiúnta** foras oideachais atá lonnaithe lasmuigh d'Éirinn agus atá in ann céim máistreachta agus/nó dochtúireachta a bhronnadh.
- 1.10 **Eagraíocht déanta taighde (EDT)** Chun críche na gcomhaltachtaí seo, ciallaíonn EDT incháilithe eagraíocht a bhfuil acmhainn inmheánach aici chun taighde a dhéanamh a chuireann go hábhartha leis an mbonn taighde Éireannach agus a fheabhsaíonn an bonn sin agus atá in ann cumas neamhspleách a léiriú chun tionscadail/cláir taighde a chuir i gcríoch agus a threorú, arna fhaomhadh ag an gComhairle. Tá liosta de EDTanna incháilithe curtha ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Comhairle](#).
- 1.11 Ciallóidh **Tionscadal taighde** an obair thaighde bheartaithe atá leagtha amach ag an gcomhalta ina n-iarratas agus atá faofa ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn.

2. TÚS EOLAIS MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE

- 2.1 Is é **misean na Comhairle pobal taighde cruthaitheach agus bríomhar a chumasú agus a chothú in Éirinn**². Tá an Chomhairle ina gníomhaireacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus feidhmíonn sí faoi choimirce an Údaráis um Ard-Oideachas. Tá sé ina phríomhfheidhm ag an gComhairle tacú le taighde den chéad scoth ar fud na ndisciplíní agus na gcéimeanna go léir den ghairm bheatha. Tá ról ar leith ag an gComhairle freisin maidir le tacú le taighde atá dírithe ar an tsochaí, agus tá comhpháirtíochtaí curtha ar bun aici ar fud an rialtais agus na sochaí sibhialta.

² <http://research.ie/about-us/our-mission/>

3. CUR SÍOS AR CHOMHALTACHTAÍ IARDHOCHTÚIREACHTA RIALTAS NA hÉIREANN

- 3.1 Cuireann an Chomhairle dhá chineál chomhaltachta ar fáil trí Scéim Chomhaltachta Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann. Níl cead ag iarratasóirí iarratas a chur isteach ach ar aon chomhaltacht amháin.

Cineál Comhaltachta	Tréimhse	Dáta Tosaithe ³	Suíomh na Comhaltachta
Comhaltacht Iardhochtúireachta na Comhairle um Thaighde in Éirinn / Rialtas na hÉireann (1 bhliain amháin)	12 mí	1 Deireadh Fómhair 2020	IAO/EDT Éireannach
Comhaltacht Iardhochtúireachta na Comhairle um Thaighde in Éirinn / Rialtas na hÉireann (2 bhliain)	24 mí	1 Deireadh Fómhair 2020	IAO/EDT Éireannach

- 3.1.1 Is é is aidhm do **Chomhaltacht Iardhochtúireachta na Comhairle um Thaighde in Éirinn / Rialtas na hÉireann**, dá ngairtear **Chomhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** ina dhiaidh seo, tacú le hiarratasóirí i ngach disciplín atá cáilithe go hoiriúnach a bhfuil sé i gceist acu gabháil do thionscadal taighde. Beidh **Chomhaltacht Iardhochtúireachta de chuid Rialtas na hÉireann** ag na Comhaltaí. Is féidir na comhaltachtaí sin a bheith acu i gcomhair:

- 3.1.1.1 1 bhliain amháin, chun tráchtas dochtúireachta a ullmhú lena fhoilsiú mar shaothar acadúil d'ardchaighdeán, e.g. monagraif, ailt phiarmheasúnaithe, eagrán a bhfuil eagarthóireacht déanta orthu;

nó

- 3.1.1.2 2 bhliain, chun tionscadal taighde nua a fhorbairt nó chun tionscadal a léiríonn *forbairt shuntasach* ar ábhar na dochtúireachta a chur chun cinn trína fhoilsiú ar bhealaí atá oiriúnach, indéanta agus soiléir.

- 3.2 Bronntar dámhachtain ar gach comhalta aonair faoi Scéim Chomhaltachta Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann. Tabhair faoi deara, áfach, Clásail 5.6, 5.7 agus 7.2 thíos.

4. COMHALTAÍ

- 4.1 Roghnófar comhaltaí i gcomhair dámhachtain tar éis nós imeachta roghnúcháin atá trédhearcach, bunaithe ar fhiúntas, neamhchlaonta agus cothromasach a chur i bhfeidhm, agus é bunaithe ar phiarmheasúnú idirnáisiúnta. Cuireann an Treoir d'Iarratasóirí mionsonraí ar fáil ar na critéir próiseála agus measúnaithe.

³ Ní mór do gach comhaltacht tosú ar an 1 Deireadh Fómhair 2020.

4.2 Ní mór do **Chomhaltaí Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

4.2.1 ní mór go mbeadh céim dhochtúra bronnta orthu laistigh de thréimhse 5 bliana roimh 31 Bealtaine 2020⁴. Chun críche an choinníll seo, cuirfear san áireamh dáta bronnta céime an iarratasóra;

nó

4.2.2 go bhfuil sé deimhnithe go bhfuil na riachtanais go léir maidir le bronnadh chéim dhochtúra comhlíonta ag an iarratasóir, cé nach bhfuil an chéim bainte amach acu go fóill, laistigh den tréimhse 5 bliana roimh 31 Bealtaine 2020, lena n-áirítear an tráchtas ceartaithe le clúdach cruá a bheith curtha isteach acu.

Agus

4.2.3 go bhfuil sé/sí ina (h)údar nó ina c(h)omhúdar d'fhoilseachán taighde amháin ar a laghad atá foilsithe agus atá a ndearnadh piarmheasúnú air⁵ nó go bhfuil coibhéis mhaoin intleachtúil follasach táirgthe aige/aici⁶ nó go bhfuil samplaí dá n-obair taighde mar seo a leanas curtha ar fáil acu:

- cóip de chlár na n-ábhar óna t(h)ráchtas dochtúireachta; agus
- caibidil amháin óna t(h)ráchtas dochtúireachta. Ní ghlacfar le do hiarratas má chuireann tú isteach níos mó ná caibidil amháin.

4.3 Níor chóir go mbeadh dhá iarratas eile nár éirigh leo curtha isteach ag na hiarratasóirí ar an gclár roimhe seo. Cuimsíonn sé sin iarratais ó 2009 ar aghaidh ar an Scéim EMPOWER a rith an Chomhairle um Thaighde in Éirinn don Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht, agus Scéim Chomhaltachta Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann a rith an Chomhairle um Thaighde sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta roimhe seo.

4.4 **Comhaltaí Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann:**

4.4.1 ní ceadmhach go bhfuil ná go raibh **Comhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann/na Comhairle** acu ná **Comhaltacht Iardhochtúireachta na Scéime Comhpháirtíochta Fiontair**⁷;

4.4.2 ní ceadmhach go raibh siad fostaithe mar thaighdeoir iardhochtúireachta i rith tréimhse níos mó ná 5 bliana ar an 31 Bealtaine 2020⁸;

4.4.3 ní ceadmhach go mbeadh sé/sí mar *bhall buan* d'fhoireann in IAO/EDT Éireannach nó mar *bhall buan* d'IAO idirnáisiúnta.

⁴ Féadfaidh síneadh na tréimhse 5 bliana seo a mheas má chuirtear fianaise dhoiciméadach ar fáil maidir le sos gairme incháilithe; cuirtear sosanna gairme ar feadh tréimhsí suas le 5 bliana san áireamh. Meastar go bhfuil na sosanna gairme seo a leanas incháilithe: saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire uchtála, saoire bhreiteachta fhadtéarmach, saoire chúramóra.

⁵ Alt irisleabhair in irisleabhar idirnáisiúnta, nó páipéar imeachtaí comhdhála a ndearnadh piarmheasúnú air agus a foilsíodh nó a glacadh lena fhoilsiú. Ní ghlactar le hailt atá curtha isteach nó atá á n-ullmhú ach nár foilsíodh go fóill.

⁶ Amhail iarratas ar phaitinn a chomhdú, paitinn dheonaithe, trádmharc, cóipcheart, dearadh tionsclaíoch, samhail fónais nó ciorcaid iomlánaithe. I gcás innealtóirí bogearraí a roghnaigh a mbogearraí a dháileadh saor in aisce seachas iad a chosaint trí IP, glactar le fianaise infhíoraithe maidir le híoslódáil shuntasach de na bogearraí sin.

⁷ Tá Comhaltaí a bhí fostaithe roimhe seo ar thionscadail a bhí á maoiniú ag an gComhairle i dteideal **Comhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** a bheith acu.

⁸ Ní chuirfear sosanna gairme incháilithe san áireamh nuair atá na 5 bliana á ríomh. Cuirtear sosanna gairme ar feadh tréimhsí suas le 5 bliana san áireamh.

- 4.5 Féadfaidh Comhaltaí ó thíir ar bith **Comhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** a bheith acu. Ach ní mór do Chomhaltaí na scéime seo na rialacha seo a leanas a chomhlíonadh:
- 4.5.1 ní mór go mbeadh a bpríomháit chónaithe acu in Éirinn (mar atá sainmhínithe) le linn thréimhse na comhaltachta; agus
- 4.5.2 ní mór dóibh rialacháin an Stáit ar inimirce a chomhlíonadh agus tacaíocht a n-institiúid óstach a bheith acu maidir leis na rialacháin agus na riachtanais sin murar náisiúnaigh iad ó bhallstát den Aontas Eorpach (AE).
- 4.6 I gcás gach comhaltacht, is ceist iad na socrúithe maidir le hinimirce atá le socrú idir an comhalta agus an institiúid óstach agus údaráis inimirce chuí an Stáit. Féach <http://ec.europa.eu/euraxess/index.cfm/services/index> chun cúnamh a fháil leis seo.
- 4.7 Tá glacadh na dámhachtana faoi réir na dTearmaí agus na gCoinníollacha seo agus na Treorach d'Iarratasóirí, rudaí arb iad, i dteannta na Litreach Tairisceana agus na Foirme Glactha sínithe comhlánaithe, an bonn faoina gcoinníonn an Comhalta an dámhachtain agus/nó faoina ndéantar an dámhachtain a athnuachan.
- 4.8 Bronntar comhaltachtaí faoi réir na dTearmaí agus na gCoinníollacha sin. Má sháraíonn aon chomhalta iad sin, cuirfidh an Chomhairle an chomhaltacht ar fionraí nó cuirfidh sí deireadh leis agus/nó b'fhéidir go n-éileodh sí go n-aisíocfaí íocaíochtaí a rinneadh leis an gcomhalta go dtí seo.

5. STRUCHTÚR COMHALTACHTA

Luach na Comhaltachta

- 5.1 Is luach iomlán suas go dtí €45,955 a bheidh ar **Chomhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** in aon bhliain fhaofa ar leith agus cuimseofar an méid seo a leanas ann:
- 5.1.1 tuarastal €31,275 in aghaidh na bliana (roimh cháin ioncaim agus asbhaintí sóisialta) taobh istigh de thréimhse an mhaoinithe;
- 5.1.2 ranníocaíocht fhostóra do chostais árachas sóisialta pá-choibhneasa (ÁSPC) de €3,425 (@ 10.95% den tuarastal);
- 5.1.3 ranníocaíocht phinsin fostóra, nuair is infheidhme, ar luach €6,255 (@ 20% den tuarastal). Chun tuilleadh eolais a fháil ar incháilitheacht phinsin, déan tagairt le do thoil do na polasaithe a dtugann an eagraíocht óstach achoimre orthu;
- 5.1.4 costais dhíreacha tacaíochta incháilithe i leith taighde, suas le €5,000 in aghaidh na bliana, lena chur ar chumas an scoláire an tionscadal taighde a dhéanamh. Féach Aguisín 1 le do thoil chun treoir a fháil ar céard a mheastar mar chostas taighde díreach incháilithe;
- 5.1.5 saoire mháithreachais íoctha ag teacht le polasaí na hÉireann agus [polasaí na Comhairle](#) a bhfuil achoimre tugtha air i gClásal 9.

- 5.2 Is é an t-uasmhéid den **Chomhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** ar féidir a chaitheamh in aon bhliain amháin ná €45,955 móide aon iarmhéid nach bhfuil caite ar chostais tacaíochta taighde díreach incháilithe a hiompraíodh ón mbliain comhaltachta roimhe sin i gcás dámhactain 2 bhliain. Taobh amuigh de sin, ní ceadmhach cistí a thabhairt ar aghaidh ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile.
- 5.3 D'ainneoin Clásal 5.2, is ceadmhach d'institiúidí luach saothair ar ráta níos airde a thabhairt do Chomhaltaí Iardhochtúireachta na Comhairle um Thaighde in Éirinn/Rialtas na hÉireann ná an ráta tásach, nuair atá sé ag teacht le polasaithe institiúideacha, trí úsáid a bhaint as foinse mhalartach mhaoinithe. Is trí fhoinsé seachas dámhactain na comhaltachta amháin ar féidir maoiniú a dhéanamh ar aon bhreisiú ar ráta comhaltachta na Comhairle. Ní dhéanfaidh an Chomhairle aon chinntí a bhreithniú laistigh d'institiúidí ná ní bheidh aon bhaint aici le haon mhaoiniú breise ar thuarastail Chomhaltaí Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann.
- 5.4 Ní ceadmhach don institiúid ardoideachais ná don eagraíocht déanta taighde in Éirinn aon airgead arna chur ar fáil ag an gComhairle mar chuid de Chiste Chomhaltachtaí Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann a úsáid chun forchostais ná costais riaracháin a chlúdach.
- 5.5 Ní chuirfear maoiniú ar fáil ach don tionscadal taighde mar a cuirtear i láthair é sa bhfoirm iarratais, agus má bhíonn sé le feiceáil go bhfuiltear ag imeacht uaidh sin le linn don tionscadal taighde a bheith á fhorbairt, iarrfar toiliú scríofa ón gComhairle a chur ar fáil *roimh ré*. Déanfar iarratais den chineál seo a phiarmheasúnú go neamhspleách agus beidh cinneadh na Comhairle críochnaitheach maidir le ceadú na n-athraithe atá beartaithe.
- 5.6 Níl costais a thabhaítear taobh amuigh den Téarma Taighde incháilithe faoin gComhaltacht.
- 5.7 Cé go dtugtar an dámhactain don chomhalta aonair, déantar an ciste comhaltachta a riar tríd an oifig chuí laistigh de IAO/EDT na hÉireann.

Cánachas

- 5.8 Beidh an chomhaltacht faoi réir dhlíthe agus rialúcháin chánacha na hÉireann.
- 5.9 beidh comhlíonadh dhlíthe na hÉireann agus na rialúcháin náisiúnta ina cheist atá le socrú idir an comhalta, IAO/EDT na hÉireann agus Coimisinéirí Ioncaim na hÉireann.

6. COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA NA COMHALTACHTA

Suíomh na Comhaltachta

- 6.1 Ní mór comhcheangal a bheith idir comhaltaí agus IAO incháilithe in Éirinn (mar a shainmhínítear é i gClásal 1.7) nó EDT incháilithe (mar a shainmhínítear é i gClásal 1.10).
- 6.2 Tá cead ag meantóir acadúil tacú le níos mó ná comhalta amháin faoi gach cineál comhaltacht iardhochtúireachta atá ar fáil i ngairm 2020. Cuireann an Chomhairle maoiniú ar fáil do chomhaltaí ar leith chun bunthionscadail taighde a dhéanamh. I gcásanna go dtacaíonn an meantóir acadúil le breis is comhalta amháin, caithfidh na tionscadail taighde a bheith uathúil agus nuálach, gan forluí suntasach i gceist.
- 6.3 Caithfidh gach eagraíocht óstach a bheith in ann treoir agus meantóireacht ghairmiúil a chur ar fáil don chomhalta, chomh maith le rochtain ar áiseanna nó sonraí turgnamhacha.

- 6.4 Ní ceadmhach comhaltacht a bheith ag aon eagraíocht nó í a choinneáil ag aon eagraíocht seachas an eagraíocht óstach agus an taighdeoir (na taighdeoirí) atá sonraithe sa bhfoirm iarratais, ach amháin má fhaightear toiliú scríofa *roimh ré* ón gComhairle.
- 6.5 Caithfidh comhaltaí a bheith i láthair go fírinneach sna ranna/scoileanna faoi seach atá ina n-eagraíocht óstach i rith na Comhaltachta, agus caithfidh cónaí a bheith orthu taobh istigh d'achar réasúnta taistil ón eagraíocht óstach.
- 6.6 Éilíonn an Chomhairle ar chomhaltaí agus ar mheantóirí teagmháil atá rialta agus minic go leor a bheith acu lena chéile.
- 6.7 D'ainneoin Chlásal 6.5 agus 6.6, glacann an Chomhairle leis go bhféadfadh comhaltaí tairbhe a bhaint as cuid de thréimhse na comhaltachta a chaitheamh in áit eile seach san eagraíocht óstach. D'fhéadfadh a leithéid de thréimhsí baint a bheith acu le saothar allamuigh a dhéanamh a áta ábhartha do thionscadal taighde an chomhalta agus le freastal ar chúrsaí atá ábhartha d'oiliúint an chomhalta. Ní gnách leis an gComhairle a leithéid de chúrsaí a cheadú i gcásanna ina mairfidís ar feadh thréimhse atá níos faide ná aon téarma acadúil amháin, agus ní faoin gComhairle a bheidh sé aon táille nó aon chostas breise a bhaineann lena leithéid de chúrsaí a íoc;
- 6.8 Áit a dtarlaíonn neamhláithreachtaí a bhaineann le taighde agus a mhaireann níos mó ná ceithre seachtaine, caithfidh an comhalta cead roimh ré a iarraidh ar an gComhairle agus tacaíocht scríofa a mheantóir acadúil a chur leis. Cuirfear teimpléad ar fáil chun na críche sin. Ní bheidh an Chomhairle faoi dhliteanas aon táille ná aon chostais a thabófar a íoc. Caithfear taifead a choinneáil ar aon dul chun cinn a dhéantar de bharr aon turas taighde mar chuid de na tuairiscí ar dhul chun cinn a éilítear.
- 6.9 Cé go bhfuil an Chomhairle ag súil leis go gcuirfidh comhaltaí a gcuid taighde i gcrích san eagraíocht óstach a bhí i gceist ar dtús, tuigeann an Chomhairle go bhféadfadh imthosca eisceachtúla a bheith ann ina n-athrófaí suíomh nó meantóir. Sa chás sin, caithfidh an comhalta agus an meantóir/eagraíocht óstach beartaithe nua scríobh chuig an gComhairle an chúis atá leis an athrú a chur in iúl. Déanfaidh an Chomhairle scrúdú ar an aighneacht de réir a fhiúntais agus déanfaidh sí cinneadh maidir le cibé an leanfar ar aghaidh maoiniú a thabhairt faoi na cúinsí nua nó nach leanfar.

An Plean Oiliúna agus Forbartha Gairme

- 6.10 Éilítear ar an gcomhalta agus ar an meantóir acadúil Plean Oiliúna agus Forbartha Gairme a chur le chéile d'fhonn plean cuimsitheach oibre a fhorbairt a mhairfidh ar feadh thréimhse na Comhaltachta, agus i dtreo gairm bheatha dhinimiciúil a bhaint amach i ndiaidh thréimhse na comhaltachta. Is féidir tuilleadh eolais ar Ráiteas Polasaí Fhorbairt Ghairme na Comhairle a fháil ar ár [láithreán gréasáin](#).
- 6.11 Caithfear taifead a choinneáil ar ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha gairme chuireann an comhalta i gcrích agus caithfear iad sin a thuairisciú sna tuairiscí ar dhul chun cinn a chuirtear faoi bhráid na Comhairle.

Dualgais Bhreise Lasmuigh de Shainchúram na Comhaltachta

- 6.12 Is é dualgas tosaigh an chomhalta ná an tionscadal taighde a bhfuair sé nó sí maoiniú ón gComhairle dó a chríochnú go rathúil.
- 6.13 Caithfidh comhaltaí obair lánaimseartha thaighde a dhéanamh i rith thréimhse an mhaoinithe, agus níor chóir dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ar bith eile seachas forbairt a dhéanamh ar an tionscadal taighde luaite agus ar an bPlean Forbartha Oiliúna agus Forbartha Gairm Bheatha.
- 6.14 Is modh riachtanach é múineadh chun eolas a struchtúru agus a dháileadh, agus ba chóir breathnú air mar sin mar ghníomhaíocht luachmhar i ngairmréim an chomhalta. Ligeann an Chomhairle do chomhaltaí dá bhrí sin glacadh le hobair bhreise (e.g. dualgais mhúinteoireachta, meantóireacht agus gníomhaíochtaí tacaíochta) le linn na comhaltachta, chomh fada is:
- 6.14.1 go gcuirfidh an comhalta ráiteas tacaíochta i scríbhinn óna m(h)eantóir acadúil ar fáil don Chomhairle, agus go bhfaighidh sé nó sí cead i scríbhinn ón gComhairle *roimh ré*. Cuirfear teimpléad ar fáil chun na críche seo;
- 6.14.2 níl an iomarca oibre i gceist (níl níos mó ná 50 uair san iomlán in aghaidh an téarma acadúil i gceist, uaireanta teagmhála agus neamh-theagmhála san áireamh) agus ní chuireann sé bac ar thaighdeoirí a ngníomhaíochtaí taighde a chur i gcrích;
- 6.14.3 go bhfuil an obair bainteach leis an taighde atá á mhaoiniú ag an gcomhaltacht, agus i gcomhréir leis an bPlean Oiliúna agus Forbartha Gairm Bheatha atá comhaontaithe ag an gcomhalta agus ag an meantóir acadúil.
- 6.15 I gcásanna eisceachtúla, tá cead ag comhalta gabháil d'obair eile mar mhalairt ar obair theagaisc nó thaispeána a chur ar fáil:
- 6.15.1 go gcuirfidh an comhalta ráiteas tacaíochta i scríbhinn óna m(h)eantóir acadúil ar fáil don Chomhairle, agus go bhfaighidh sé cead i scríbhinn ón gComhairle *roimh ré*. Cuirfear teimpléad ar fáil chun na críche seo;
- 6.15.2 nach bhfuil an iomarca oibre i gceist (nach bhfuil níos mó ná 50 uair san iomlán in aghaidh an téarma acadúil i gceist) agus nach gcuireann sí bac ar thaighdeoirí a ngníomhaíochtaí taighde a chur i gcrích;
- 6.15.3 go bhfuil an obair bainteach leis an taighde atá á mhaoiniú ag an gcomhaltacht, agus i gcomhréir leis an bPlean Oiliúna agus Forbartha Gairm Bheatha atá comhaontaithe ag an gcomhalta agus an meantóir acadúil.
- 6.16 Caithfidh eagraíochtaí óstach taifid agus ceaduithe maidir le hobair bhreise nó le hobair eile a choinneáil agus a chinntiú go dtógtar obair mar sin san áireamh sna córais mheasúnaithe/bhreithmheasa chuí agus a chinntiú go gcuireann an obair sin le forbairt ghairmiúil an chomhalta.
- 6.17 Ba chóir oiliúint fheiliúnach a chur ar fáil i ndáil leis na dualgais teagaisc mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil comhaltaí.
- 6.18 Beidh an Chomhairle ag déanamh monatóireacht ar theagasc agus ar shocruithe eile den chineál sin mar chuid de meicníochtaí na dtuairiscithe ar dhul chun cinn.

- 6.19 Sa chás a dtéann comhaltaí i mbun teagaisc nó dualgas eile mar atá liostaithe thuas, ba chóir go dtabharfadh IAO/EDT na hÉireann luach saothair cuí dóibh. Ní bheidh aon tionchar ag íocaíochtaí mar sin ar mhéid iomlán chomhaltachta an dámhachtaí. Is ceist í comhlíonadh dhlíthe agus rialúcháin na hÉireann maidir leis an gcánachas a bhaineann leis an dámhachtaí, le IAO/EDT na hÉireann agus le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim.
- 6.20 Maidir le hobair ar luach saothair taobh amuigh den eagraíocht óstach, beidh an comhalta faoi cheangal na rialacha a bhaineann le fostaithe comhchosúla ina (h)eagraíocht óstach.

Dámhachtainí Breise

- 6.21 Níl sé beartaithe go mbeadh an chomhaltacht ag teacht in ionad na gcistí atá ar fáil faoi ghníomhaíochtaí taighde foirmleacha nó go gcuirfeadh sí leo. Is féidir an chomhaltacht a fháil ag an am céanna le sparánachtaí taistil eile, le deontais trealaimh nó le dámhachtainí a bhíonn maoinithe go seachtrach sna cásanna seo a leanas:
- 6.21.1 go bhfuil iarratas curtha isteach ag an gcomhalta ar mhaoiniú breise ó fhoinsé eile, agus gur cuirtear é sin in iúl mar chuid dá n-iarratas (bíodh sé riachtanach é sin a dhéanamh nó ná bíodh) go bhfuil comhaltacht iardhochtúireachta Comhairle acu agus go gcuirfidh siad in iúl é sin don Chomhairle sula gcuireann siad isteach a n-iarratas;
- 6.21.2 nach fiú níos mó ná €20,000 an maoiniú eile in aon bhliain ar leith le linn thréimhse na comhaltachta. Mar sin féin, glacann an Chomhairle leis, ó am go ham, go bhféadfadh dámhachtainí a sháraíonn na teorainneacha seo fiúntas thar barr an dámhachtaí le linn téarma a c(h)omhaltachta a aithint. Ina leithéid de chásanna, cuirtear in iúl do chomhaltaí go bhfuil cead acu, i *gcásanna eisceachtúla*, agus ar bhonn cás-ar chás amháin, a leithéid de mhórdhámhachtainí pearsanta a bheith acu chomh maith leis an maoiniú atá curtha ar fáil ag an gComhairle. Tá inghlacthacht dhámhachtainí bhreise le linn théarma na comhaltachta faoi réir chead i scríbhinn a fháil *roimh ré* ón gComhairle;
- 6.21.3 caithfidh comhaltaí a bhfuil foinsí maoinithe eile acu (seachas trí fhostaíocht íoctha) amhail deontais taistil is araile, na hoifigí cuí ina IAO/EDT Éireannach agus an Chomhairle a chur ar an eolas i scríbhinn faoi mhéid agus faoi fhoinsé an mhaoinithe. Caithfear an t-eolas seo a chur sna tuairiscí ar an dul chun cinn a éilítear freisin. Baineann sé seo le maoiniú taighde a fhaightear roimh, nó i rith thréimhse na comhaltachta;
- 6.21.4 aontaíonn an/na maoinitheoir(i) eile gur féidir comhaltacht na Comhairle a bheith ag comhalta i dteannta a ndámhachtain féin. Ní bheidh aon bhaint ag an gComhairle le cinntí ghníomhaireachtaí/údaráis áitiúla eile maidir leis seo.
- 6.22 Is é cúram an chomhalta ar leith déileáil le saincheisteanna cánacha a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr sparánachtaí nó dámhachtainí mar seo agus ní hé cúram na Comhairle nó an IAO/EDT Éireannach.

Aistriú Eolais

- 6.23 Tacaíonn an Chomhairle le tráchtálú thorthaí taighde mar atá leagtha amach in [Inspiring Partnership - the national IP Protocol 2016: Policies and resources to help industry make good use of public research in Ireland](#) agus [Putting public research to work for Ireland: Baineann polasaithe agus nósanna imeachta le cabhrú le tionscal úsáid mhaith as institiúidí taighde poiblí na hÉireann.](#)

- 6.24 Ní dhéanann an Chomhairle éileamh ar bith ar mhaoin intleachtúil mar gheall ar an gcomhaltacht.
- 6.25 Ní mór don eagraíocht óstach rialacha agus nósanna imeachta a bhunú chun aon mhaoin intleachtúil a eascraíonn as tréimhse na comhaltachta a chosaint agus a bhainistiú. Caithfidh na rialacha agus nósanna imeachta seo bheith de réir treoirlínte náisiúnta.

Polasaí Rochtana Oscailte

- 6.26 Tá an [Polasaí Rochtana Oscailte](#) seo a leanas ceaptha ag an gComhairle maidir le foilseacháin agus torthaí taighde a chur ar fáil i dtaisclanna rochtana oscailte agus cuirfidh sí an polasaí sin chun cinn (glactar leis go mbeidh cásanna aitheanta i gceist nuair nach féidir an méid seo a leanas a dhéanamh; sa chás sin ba cheart don chomhalta teagmháil a dhéanamh leis an meantóir acadúil chun comhairle a fháil):
- 6.26.1 ní mór do gach comhalta, chomh luath agus is féidi, a bhfoilseacháin agus aon torthaí taighde eile a thagann go hiomlán nó i bpáirt ó thaighde atá maoinithe ag an gComhairle a thaisceadh i dtaisclann rochtain oscailte ionas go mbeidh na foilseacháin sin inaimsiithe don phobal, go mbeidh rochtain oscail orthu agus go mbeidh siad in-athúsáidte;
- 6.26.2 ba cheart gach alt irisleabhair agus gach foilseachán comhdhála a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu a thaisceadh chomh luath agus is féidir, nuair a ghlacann an iris/chomhdháil leo, más féidir, ag am nach déanaí ná dáta a bhfhoilsithe fhoirmiúil;
- 6.26.3 ba cheart torthaí taighde eile amhail monagraif, leabhair, caibidlí leabhair, tráchtas taighde agus tuairiscí a thaisceadh nuair is féidir;
- 6.26.4 ba cheart go mbeadh an taisclann ina taisclann institiúideach áitiúil más féidir, agus ba chóir na cearta cuí a bhronnadh uirthi cóip den ábhar atá inti a chur ar fáil do thaisclanna eile. Is ionann taisclanna cuí idir áitiúil agus eile, áfach, agus na taisclanna sin a chuireann rochtain poiblí saor in aisce ar fáil, agus a dhéanann foráil do chaomhnú fadtéarmach torthaí taighde foilsithe;
- 6.26.5 ba chóir do thaisclanna na meiteashonraí a scaoileadh láithreach i ndiaidh an chur i dtaisce. Ba chóir rochtain oscailte a chur ar fáil ar an téacs iomlán páipéir láithreach tar éis dó a bheith curtha i dtaisce, nó tar éis do na srianta rochtana a éilíonn foilsitheoirí áirithe dul in éag;
- 6.26.6 ba chóir do chomhaltaí téarmaí taiscthe a aontú le foilsitheoirí. Ba chóir soiléireacht a éileamh ar pholasaithe cóipchirt, ceadúnais agus trádmahairc agus ní mór cloí leis na polasaithe atá aontaithe leis na foilsitheoirí. Seans go gcuirfidh foilsitheoirí áirithe srianta ar rochtain a fháil ar théacs iomlán alt. Níor chóir, áfach, go mairfeadh na srianta seo níos faide ná sé mhí tar éis a bhfhoilsithe de ghnáth i gcás foilseacháin taighde eolaíoch, theicniúil agus eolaíochta sláinte, agus níos faide ná dhá mhí dhéag i gcás torthaí taighde sna healaíona, sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta. Mar sin féin, glacann an Chomhairle leis go mb'fhéidir nach rogha simplí a bheidh i gceist i ngach cás, agus i gcásanna mar sin, d'fhéadfaí bac suas le ceithre mhí is fiche a éascú sna healaíona, daonnachtaí agus eolaíochtaí sóisialta a chur i bhfeidhm, cé go mbeidh sé seo faoi réir athbhreithniú leanúnach.

Faomhadh Eitice

- 6.27 Ní féidir leis an gComhairle maoiniú a bhronnadh i leith gníomhaíocht taighde a bhaineann le haon cheann de na réimsí toirmisce seo a leanas:
- 6.27.1 clónáil daoine nó cuspóirí atáirgthe;
 - 6.27.2 modhnú géiniteach a dhéanamh ar dhaoine a bhféadfadh athruithe inoidhreachta a bheith mar thoradh air (ach amháin i gcás taighde a bhaineann le cóireáil ailse de na gónaid, arbh fhéidir é a mhaoiniú);
 - 6.27.3 suthanna daonna a chruthú chun críche taighde nó chun críche gaschealla a fháil, agus an chuspóir nó na cuspóirí sin amháin i gceist, agus aistriú núicléas cille sómaí san áireamh.
- 6.28 Tá an Chomhairle tiomanta d'ardchaighdeáin eiticiúla a choimeád sa taighde a mhaoiníonn sí tríd an gcomhaltacht seo.
- 6.29 Ní foláir nó go mbeidh treoirlínte soiléire eiticiúla agus nósanna imeachta dearbhaithe i bhfeidhm ag an eagraíocht óstach chun taighde faoina stiúir a bhainistiú.
- 6.30 Ba chóir do Chomhaltaí cloí leis na cleachtais eiticiúla agus leis na bunphrionsabail eiticiúla aitheanta a bhfuil glacadh leo ina ndisciplín(i), agus leis na caighdeáin eiticiúla arna leagan síos sna Cóid Eitice éagsúla ar an leibhéal náisiúnta, eanála nó institiúideach.
- 6.31 Éilítear ar chomhaltaí saincheisteanna eiticiúla a eascraíonn le linn dóibh a gcuid taighde a dhéanamh a chioradh go mion.
- 6.32 Má thagann saincheisteanna eiticiúla chun cinn ina gcuid taighde, beidh ar chomhaltaí ráiteas i scríbhinn a chur faoi bhráid na Comhairle le rá go ndearnadh lánmhachnamh ar impleachtaí eiticiúla an togra taighde. Ní foláir don ráiteas cur síos níos mionsonraithe a thabhairt ar an réiteach atá ar intinn ag an gcomhalta chun déileáil leis an tsaincheist eiticiúil atá tagtha chun cinn.
- 6.33 Nuair a bhíonn gá leis go bhfaomhódh coiste eiticiúil na heagraíochta óstach togra taighde an chomhalta, éileoidh an Chomhairle fianaise i scríbhinn den fhaomhadh eiticiúil sin sula dtosaítear ar ghníomhaíochtaí a bhfuil faomhadh eiticiúil ag teastáil ina leith, agus cuirfear ar fáil an fhianaise sin tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis dáta tosaithe na comhaltachta.
- 6.34 Caithfidh an eagraíocht óstach agus an comhalta a chinntiú go gcloíonn an taighde leis na riachtanais rialúcháin náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fad a rialaíonn úsáid ábhair nó phróisis ghoilliúnacha, e.g. (agus nach bhfuil ceaptha mar liosta iomlán), iosatóip radaighníomhach, radaíocht ianúcháin, ainmhithe saotharlainne nó ainmhithe eile, orgánacht pataigineach, orgánacht ionramháilte go géiniteach, substaintí nimhiúla agus guaiseacha, agus taighde ar dhaoine agus ar shuthanna daonna.
- 6.35 Má tá gá ann rochtain a fháil ar ábhar cartlainne atá i gcaomhnóireacht phríobháideach nó ar ábhar cartlainne a bhfuil rochtain shrianta ann dó chun an tionscadal taighde a chur i gcrích, ní mór fianaise i scríbhinn den chead cuí chun rochtain a fháil ar a leithéid d'ábhar a chur ar fáil don Chomhairle ag an am a glactar leis an dámhactain.

Gné Gnéis/Inscne

- 6.36 Tá *Straitéis Inscne & Plean Gníomhaíochta 2013-2020* na Comhairle le fáil ar [láithreán gréasáin](#) na Comhairle.
- 6.37 Éilítear ar chomhaltaí machnamh cúramach a dhéanamh ar cibé an bhféadfadh nó nach bhféadfadh gné gnéis bitheolaíochta agus/nó inscne teacht chun cinn le linn a dtaighde.
- 6.38 Sa chás ina bhfuil comhalta páirteach in eagrú painéil comhdhála, líonraithe nó painéil scaipthe a bhaineann leis an tionscadal taighde atá ar bun aige nó aici, ba chóir go dtabharfaí aird chuí ar chothromaíocht inscne ar an bpainéal nó ar na painéil sin.

Ionracas Taighde

- 6.39 Ní mór don eagraíocht óstach a chinntiú go gcloítear leis an leibhéal is airde iompair taighde. Caithfidh an eagraíocht óstach a chinntiú go bhfuil próisis fhoirmiúla chothroma éifeachtacha i bhfeidhm chun líomhaintí faoi mhí-iompraíocht taighde a imscrúdú (m.sh. bradaíl, falsú nó cumadh sonraí, roghnú míchuí sonraí, mí-úsáid cistí taighde) nuair a thagann siad chun cinn. Ní mór do na próisis sin, mar aon leis na nósanna imeachta comhaontaithe i dtaobh líomhaintí faoi mhí-iompar taighde a imscrúdú, a bheith trédhearcach agus a bheith curtha in iúl go soiléir.
- 6.40 Ba chóir go mbeadh na córais a bheadh i bhfeidhm chun mí-iompraíocht taighde a bhainistiú ag teacht leis na bunphrionsabail atá mar bhonn agus taca ag an tsláine agus an dea-cheachtas taighde mar a mhínítear sa ráiteas polasaí náisiúnta ar [Sláine Taighde a Chinntiú in Éirinn](#) agus an [Cód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde](#).
- 6.41 Tá sé de cheangal ar an eagraíocht óstach tuairisc a chur faoi bhráid na Comhairle i dtaobh gach toradh ar chás inar cruthaíodh gur tharla mí-iompar taighde a d'eascaigh as tionscadal taighde atá maoinithe ag an gComhairle.

Aitheantas a thabhairt do Thacaíocht Comhaltachta na Comhairle

- 6.42 Ní foláir go ndéanfaidh an meantóir acadúil gach foilseachán beartaithe a eascraíonn as an obair thaighde a fhaomhadh *sula* ndéantar é a fhoilsiú.
- 6.43 Caithfidh gach cineál poiblíochta, lena n-áirítear léachanna poiblí, agallaimh, sínithe r-phoist, cinn litreach, comharthaí oifige, foilseacháin, monagraif, ábhair priontála, ábhair ar líne, preaseisiúintí, fógraí teilifíse agus raidió, láithreáin gréasáin, taifid scannáin, físe agus fuaimne a bhain le nó a d'eascair as an taighde a rinne an comhalta le linn dó/di a bheith i seilbh chomhaltacht Comhairle admháil a thabhairt ar an maoiniú a fuarthas ón gComhairle. Tá tuilleadh eolais ar riachtanais na Comhairle maidir le aitheantas a thabhairt do mhaoiniú a fhaightear le fáil ar [láithreán gréasáin](#) na Comhairle.
- 6.44 D'ainneoin an cheanglais go gcuirfeadh síos sa tuarascáil ar dhul chun cinn ar an bpoiblíocht uile agus ar na nithe uile a baineadh amach (féach Cuid 10), má tá comhaltaí chun páirt a ghlacadh in aon imeachtaí tábhachtacha, lena n-áirítear duais nó bonn a bhuachan, a gcuid taighde a bheith á scaipeadh go poiblí nó tuairisc a bheith orthu sna meáin, ní mór dóibh an Chomhairle a chur ar an eolas faoi sin roimh ré.
- 6.45 Mar choinníoll ar an gcomhaltacht b'fhéidir go n-iarrfaidh an chomhairle ar an gcomhalta freastal ar imeachtaí agus ar chruinnithe a eagraíonn an Chomhairle.

7. CÚRSAÍ AIRGEADAIS

An Chomhaltacht a Íoc

- 7.1 Íocfar an chomhaltacht le IAO/EDT Éireannach an chomhalta ar an gcuntar go gcomhlíonann an comhalta, an meantóir agus an eagraíocht óstach na Téarmaí agus na Coinníollacha seo, agus ar an gcuntar go bhfaigheann an Chomhairle tuairiscí sásúla ar dhul chun cinn na comhlachta, ar bhonn ráithiúil leis an gcéad tráthchuid tar éis den chomhaltacht tosú.
- 7.2 Déantar na méideanna iníoctha ar fad maidir le dámhachtainí chomhaltachtaí iardhochtúireachta a íoc le IAO/EDT Éireannach an chomhalta. Ní aistríonn an Chomhairle aon airgead chuig an gcomhalta go díreach.
- 7.3 Déanfaidh an IAO/EDT Éireannach comhordú ar íocaíocht na dámhachtaine don chomhalta. Is faoin gcomhalta atá sé teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Taighde bhainteach (nó a coibhéis) san IAO/EDT Éireannach maidir le riarachán san IAO/EDT Éireannach.
- 7.4 Tá sé de fhreagracht ar an gcomhalta, i gcomhar lena m(h)eantóir acadúil, pleanáil airgeadais agus caiteachais cuí a dhéanamh faoi Chlásail 5.1 le linn an tréimhse mhaoinithe.
- 7.5 Tá íocaíocht chomhaltacht iardhochtúireachta ag brath go hiomlán ar an maoiniú a fhaigheann anChomhairle go leanúnach ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Má chuirtear deireadh lena leithéid de mhaoiniú nó má laghdaítear é, ní bheidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ná an Chomhairle faoi dhliteanas ar bith maoiniú a chur ar fáil ná cúiteamh a dhéanamh le comhalta as aon laghdú ar an maoiniú seo, ná as é a chur ar ceal.

Cuntasacht ó Thaobh Airgid de

- 7.6 Is í an IAO/EDT Éireannach a bheidh freagrach as úsáid cheart an Mhaoinithe Comhaltachta agus cuntasach aisti.
- 7.7 Is féidir cistí a iompar chun tosaigh ón mbliain dheireanach chomhlachta amháin faoin ceannlíne caiteachais taighde díreach incháilithe. Ní féidir cistí a bhronntar mar thuarastal, ÁSPC nó mar chostais phinsin a iompar chun tosaigh.
- 7.8 Coimeádann an Chomhairle an ceart chuige féin deimhniú a iarraidh ó iniúchóirí seachtracha IAO/EDT Éireannach maidir leis na nithe seo a leanas:
 - 7.8.1 go bhfuil tuarascálacha bliantúla an IAO/EDT Éireannach cothrom le dáta agus go ndearna na hiniúchóirí iad a fhaomhadh gan choinníoll;
 - 7.8.2 nár tarraingíodh aon cheist anuas sa litir bhainistíochta ó na hiniúchóirí a d'imir tionchar suntasach nó a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar riar na gcomhaltachtaí a bhíonn bronnta ag an gComhairle;
 - 7.8.3 gur úsáideadh an t-airgead a fuarthas faoin gcomhaltacht chun críocha beartaithe na dámhachtaine.

- 7.9 Coimeádann an Chomhairle an ceart chuici féin iniúchtaí den IAO/EDT Éireannacha rannpháirteach a choimisiúnú maidir le comhlíonadh airgeadais agus eile. Aontaíonn an IAO/EDT Éireannach na hathbhreithnithe sin a éascú go huile agus go hiomlán.
- 7.10 Ní ghlacann an Chomhairle le freagracht airgeadais ná aon fhreagracht eile as caiteachas ná as dliteanais a eascraíonn as obair a dhéantar faoin gcomhaltacht. Caithfidh an IAO/EDT Éireannach slánú iomlán a thabhairt don Chomhairle in aghaidh caiteachais agus dliteanais uile mar sin agus i gcoinne aon ghníomh, imeacht, costas, damáiste, éilimh agus ráchairt caiteachais a eascraíonn astu lena n-áirítear, go háirithe, ach gan teorainn, aon éileamh ar chúiteamh a d'fhéadfadh an IAO/EDT Éireannach a bheith faoi dhliteanas ina leith mar fhostóir nó ar bhealach eile, nó aon éileamh ó aon duine maidir le maoin intleachtúil.
- 7.11 Cuirfidh an IAO/EDT Éireannach aon mhaoiniú nach úsáidtear ar ais chuig an gComhairle ag deireadh an téarma maoinithe.

8. ATHBHREITHNIÚ AR DHUL CHUN CINN

- 8.1 Creideann an Chomhairle go bhfuil tábhacht mhór ag baint le nósanna imeachta i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht taighde agus le dul chun cinn éifeachtach faoin gcomhaltacht a chinntiú.
- 8.2 Éileofar ar chomhaltaí tuaraisc ar dhul chun cinn chuimsitheach a chur isteach go bliantúil. Caithfidh an meantóir acadúil measúnú faoi rún ar dhul chun cinn na comhaltachta a chur leis seo.
- 8.3 Beidh an comhalta freagrach as cinntiú go gcuirfead na tuairiscí go léir ar dhul chun cinn isteach in am. Beidh a leithéid de thuairiscí, chomh maith le fianaise eile ar ghnóthachtáil, amhail faomhadh foirmiúil na hinstiúide, ina gceanglas chun leanúint den mhaoiniú.
- 8.4 Tá formáid na dtuairiscí sin le fáil ón gComhairle, agus áireoidh siad na rudaí seo a leanas, gan a bheith teoranta dóibh sin:
- nuashonrú airgeadais;
 - dul chun cinn san fhorbairt gairme;
 - dul chun cinn i dtaobh taighde agus aschur taighde;
 - gníomhaíochtaí for-rochtana.
- 8.5 Déanfaidh an Chomhairle éileamh ar thuairiscí tríd an gcóras ar líne agus cuirfidh an comhalta agus an meantóir acadúil na tuairiscí isteach ar an mbealach sin.
- 8.6 Mura gcuireann an comhalta na tuairiscí ar dhul chun cinn faoi bhráid na Comhairle in am is i dtráth, nó má fhaigheann an Chomhairle tuairiscí ar dhul chun cinn nó measúnachtaí nach bhfuil sásúil, cuirfead an comhalta ar an eolas faoin tuairisc mhíshásúil. Beidh cead ag an gcomhalta tuarascáil leasaithe a sheoladh isteach arís. Coimeádann an Chomhairle de cheart aici féin coiste athbhreithnithe a thionól chun measúnacht a dhéanamh ar an gcomhaltacht go nuige sin, de réir na dtáirgí insoláthartha a leagadh síos sa togra a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ar an gcéad dul síos (lena n-áirítear an plean taighde agus torthaí beartaithe, agus an Plean Oiliúna agus Forbartha Gairme).

- 8.7 Má iarrtar é, ní mór don chomhalta agus don mheantóir acadúil freastal ar chruinnithe leis an gComhairle chun tuairisc chun dáta a thabhairt ar dhul chun cinn nó ar thorthaí na comhaltachta.
- 8.8 Sá chás ina dtionólfadh an Chomhairle coiste athbhreithnithe, féadfaidh an coiste sin ionchur disciplín a lorg ó shaineolaithe a d'fheidhmigh mar mheastóirí. Tabharfaidh an Chomhairle aiseolas don chomhalta le cur in iúl:
- 8.8.1 go bhfuil an dul chun cinn sásúil i ngach gné agus deimhniú go leanfaidh an chomhaltacht ar aghaidh;
- 8.8.2 nach bhfuil dóthain dul chun cinn déanta i roinnt réimsí agus go gcuirtear in iúl gníomhaíochtaí ar leith ar féidir a ghlacadh chun é sin a leigheas laistigh de thréimhse ama sonraithe;
- 8.8.3 go dtugann an tuairisc le fios nach bhfuil dul chun cinn sásúil déanta agus go bhféadfadh sé go gcuirfí an chomhaltacht ar fionraí nó ar ceal.
- 8.9 Féadfaidh an Chomhairle an chomhaltacht a chur ar fionraí nó ar ceal sa chás go measfadh sí gur gá sin tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas agus ar na tuairiscí anseo thuas.
- 8.10 D'fhéadfadh aon chomhaltacht ar bith a bheith faoi réir iniúchta taighde sheachtrach agus iniúchta airgeadais.
- 8.11 Beidh sé mar fhreagracht ar mheantóir acadúil an chomhalta a chinntiú go gcuirtear an Chomhairle ar an eolas láithreach má fhágann an comhalta an institiúid óstach, nó nach bhfuil sé/sí ag tabhairt dóthain ama nó iarrachta don chomhaltacht.
- 8.12 Ní mór don chomhalta teagmháil a dhéanamh leis an oifig chuí in a IAO/EDT Éireannach má tá aon imní orthu faoina gcomhaltacht. Má tá imní air/uirthi go fóill, ní mór don chomhalta teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an gComhairle.
- 8.13 Tá sé mar fhreagracht ar an gcomhalta an Chomhairle a chur ar an eolas i scríbhinn maidir le haon athrú ina seoladh, teileafón nó r-phost laistigh de choicís ón athrú sin. Ba chóir athruithe dá leithéid a chur in iúl trí leathanach próifíle an chomhalta ar an gcóras ar líne. Iarrtar ar chomhaltaí aon seoladh r-phoist amháin a úsáid i gcomhair aon chomhfhreagras ón chéim iarratais go dtí bronnadh na dámhachtana agus le linn na comhaltachta, chun teagmháil a éascú.
- 8.14 Éilítear ar na comhaltaí sonraí teagmhála eile a lua sa tuarascáil deiridh nó ar shlí eile a iarrfaidh an Chomhairle ionas go bhféadfaidh an Chomhairle gairm bheatha na dtaighdeoirí a rianú. Déanfaidh an Chomhairle suirbhé tréimhsiúil ceann scríbe ar na daoine siúd a fuair agus a chríochnaigh comhaltachtaí, agus toileoidh an comhalta comhoibriú trí fhreagra a thabhairt air sin. Má thagann athrú ar shonraí teagmhála comhalta nuair a bheidh an dámhachtain curtha i gcrích, iarrtar ar an gcomhalta sin sonraí atá cothrom le dáta a sholáthar trína leathanach próifíle sa chóras ar líne.

9. IARCHUR, CUR AR FIONRAÍ AGUS FOIRCEANNADH

Comhaltacht a larchur nó a Chur ar Fionraí

- 9.1 Ní féidir comhaltachtaí a iarchur nó a chur ar fionraí, ach amháin i gcomhair sosanna gairme incháilithe. Meastar gur sosanna incháilithe gairme iad saoire thuismitheoireachta, saoire uchtála, saoire bhreiteachta fhadtéarmach nó saoire chúramóra. Éileofar fianaise doiciméadach do gach sos gairme incháilithe a chur ar fáil más rud é go mbronnfar iarchur nó cur ar fionraí dá bharr. Cuirfear teimpléad d'fhoirm ar fáil chun críche iarchuir nó cur ar fionraí. Is faoi lánrogha na Comhairle é an cinneadh a dhéanamh agus beidh an cinneadh a dhéanfaidh sí críochnaitheach.
- 9.2 Má bhíonn comhaontú ann maidir le comhaltacht a chur ar fionraí, is féidir leis an gComhairle iarratas an chomhalta ar shíneadh gan costas thar an téarma maoinithe a mheas.

Polasaí Saoire Mháithreachais

- 9.3.1 I gcás comhaltaí ar mian leo saoire mháithreachais a ghlacadh, is féidir leo a iarraidh go gcuirfí a ndámhachtain ar fionraí.⁹ Cuirfear teimpléad d'fhoirm iarratais chun cead a iarraidh ón gComhairle ar fáil. Chomh luath agus a fhaomhaítear é, cuirfear an chomhaltacht ar fionraí ar feadh thréimhse na saoire máithreachais, mar a shainmhíníonn an Chomhairle in a [polasaí saoire mháithreachais](#), agus déanfar dáta críochnaithe bronnata a ríomh. Ní mór an Chomhairle a chur ar an eolas, i scríbhinn, faoin dáta ar a measfar a thosóidh an tsaoire mháithreachais ceithre seachtaine ar a laghad roimh ré.
- 9.3.2 Ba choir do chomhaltaí teagmháil a dhéanamh lena IAO/EDT Éireannach maidir leis an saoire mháithreachais a bhfuil sé i gceist acu a ghlacadh. B'fhéidir go mbeadh roinnt comhaltaí i dteideal saoire mháithreachais, de réir polasaí inmheánach an IAO ar shaoire mháithreachais. Nuair a dheimhníonn an oifig thaighde in institiúid an chomhalta go bhfuil an comhalta i dteideal saoire mháithreachais íoctha, cuirfidh an Chomhairle (i) íocaíocht bhreise ar an sochar stáit ar fáil (caithfear iarratas a dhéanamh ar sin má tá an duine i dteideal é sin a fháil) nó (ii) méid iomlán thuarastal comhaltachta Comhairle an chomhalta a chlúdach ar feadh thréimhse suas le sé mhí.
- 9.3.3 Ba chóir do chomhaltaí teagmháil a dhéanamh go díreach leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun a chinntiú an bhfuil siad i dteideal sochair mháithreachais a fháil. Caithfidh an comhalta doiciméid a chur ar fáil óna n-oifig leasa shóisialaigh áitiúil ag deimhniú toradh a n-iarratas ar shochar máithreachais stáit nó ráiteas faoina t(h)eidlíocht i dtaobh sochair stáit a fháil. Beidh an maoiniú a chuireann an Chomhairle ar fáil mar bhreisiú ar an sochar stáit nó chun saoire mháithreachais íoctha a chlúdach sa bhreis ar bunmhéid maoinithe na comhaltachta.

Foirceannadh na Comhaltachta

- 9.4 Tuigean an Chomhairle go bhféadfadh sé gur mhian le comhalta deireadh a chur lena c(h)omhaltacht go luath, bíodh sé ar chúiseanna pearsanta, gairmiúla nó ar chúiseanna eile. Níor chóir é seo a dhéanamh gan dul i gcomhairle leis an gComhairle *roimh ré*.

⁹ <http://research.ie/funding/information-for-existing-awardees/>

- 9.5 Más rud é go bhfuil aon údar ann (údair leighis san áireamh) nach bhfuil comhalta in ann leanúint ar aghaidh lena dtionscadal taighde de réir na dTéarmaí agus na gCoinníollacha sin, caithfidh an comhalta agus an meantóir acadúil an Chomhairle agus an oifig thaighde nó a choibhéis san IAO/EDT Éireannach a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir. Caithfidh an comhalta é sin a dhéanamh laistigh de choicís ón am a fhaigheann siad amach faoi na cúinsí sin. I gcásanna mar sin tabharfaidh an Chomhairle aird ar ghnáthchoinbhinsiúin IAO/EDT Éireannach an chomhalta. Mar sin féin, mar gheall ar an mbonn faoina mbronntar comhaltachtaí, tá sé de cheart ag an gComhairle an chomhaltacht a tharraingt siar nó a chur ar fionraí.
- 9.6 I gcásanna ina bhfuil sé de rún ag an gcomhalta deireadh a chur leis an gcomhaltacht go luath, beidh cruthúnas ag teastáil ón gComhairle ar an dul chun cinn acadúil a cuireadh i gcrích roimh an dáta deiridh.
- 9.7 Má mheasann an Chomhairle nach leor an dul chun cinn a rinne an comhalta, féadfaidh an Chomhairle iallach a chur ar an gcomhalta nó ar an IAO/EDT Éireannach, nó ar an mbeirt acu, an t-airgead a tugadh dóibh a aisíoc.
- 9.8 Má chuireann comhalta deireadh leis an gcomhaltacht, ní bheidh freagracht ar an gComhairle leanúint de bheith ag íoc maoiniú leis an IAO/EDT Éireannach. D'fhéadfadh an Chomhairle iarraidh go n-íocfaí ar ais cuid den mhaoiniú a leithdháileadh nó a úsáideadh nó an t-iomlán.

10. FREAGRACHTAÍ NA HEAGRAÍOCHTA ÓSTACH

- 10.1 Éilítear sna Téarmaí agus Coinníollacha seo go ndéanfaidh an comhalta agus IAO/EDT Éireannach an chomhalta conradh fostaíochta chun an téarma maoinithe a chlúdach.
- 10.2 Caithfidh an IAO/EDT Éireannach freagracht iomlán a ghlacadh ar an obair thaighde iomlán a bhainistiú agus a rialú agus monatóireacht a dhéanamh uirthi faoi chomhaltacht agus bhainistíocht an chiste comhaltachta.
- 10.3 Caithfidh an IAO/EDT Éireannach a chinntiú go gceaptar meantóir acadúil a bhfuil freagracht acu as tacaíocht agus treoir a chur ar fáil don chomhalta. Go hiondúil, is príomhimscrúdaitheoir, no duine eile atá incháilithe go cuí a bhíonn ina mheantóir acadúil.
- 10.4 Tá sé de fhreagracht ar an IAO/EDT Éireannach na háiseanna agus rochtain ar an bhfearas a bhfuil gá ag an gcomhalta leo chun a t(h)aighde a dhéanamh a chur ar fáil, ag cinntiú go ndéantar an fearas agus na hábhair a cuirtear ar fáil a choimeád go cuí agus go bhfuil rochtain orthu faoi réir théarmaí agus coinníollacha réasúnacha.
- 10.5 Ní mór don eagraíocht ósteach na ceadanna riachtanacha agus reachtúla go léir a fháil agus cloí leo faoi mar atá leagtha síos ag na húdaráis áitiúla agus náisiúnta maidir le cosaint an chomhshaoil, truailliú a bhac agus cosaint níos leithne ar shláinte agus ar shábháilteacht na sochaí a áirithiú.

11. COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA COMHALTACHTA

- 11.1 Déanfar na Téarmaí agus na Coinníollacha seo a rialú agus a fhorléiriú de réir dhlíthe na hÉireann, agus géillfidh gach páirtí do dháilínse chúirteanna na hÉireann go sainráite agus go neamh-inchúlghairthe.
- 11.2 Déanfaidh an Chomhairle a dícheall chun glacadh le nósanna imeachta atá comhsheasmhach le polasaithe rialtas na hÉireann maidir le sochaí an eolais a fhorbairt, agus dá réir breathnófar ar chumarsáid leictreonach atá fíordheimhnithe i gceart mar an gcéanna ó thaobh dlí de le hiarratais ar pháipéar nuair is indéanta sin le réasún.
- 11.3 Caithfidh an Chomhairle agus an IAO/EDT Éireannach dea-chleachtas a chur i bhfeidhm maidir le cosaint, bainistíocht agus slándáil sonraí. Ní bheidh an Chomhairle faoi aon dliteanas dlíthiúil de dheasca cur isteach arna dhéanamh ag tríú páirtí.
- 11.4 Nuair a ghlacann Comhalta le Comhaltacht, caithfidh sé/sí cead a thabhairt don Chomhairle sonraí maidir leis an iarratas a roinnt le ranna rialtais agus le gníomhaireachtaí maoinithe náisiúnta eile chun críocha staidrimh agus ceaptha polasaí.
- 11.5 Coimeádann an Chomhairle de cheart aici féin Téarmaí agus Coinníollacha na Comhaltachta seo a leasú ag am ar bith. Cuirfear aon leasuithe mar sin in iúl do na IAO/EDTanna Éireannach a bheidh rannpháirteach agus cuirfear ar láithreán gréasáin na Comhairle é freisin.
- 11.6 Coimeádann an Chomhairle de cheart aici féin aon chomhaltacht a chur ar fionraí nó a chur ar ceal agus/nó aisíocaíocht a éileamh ar an IAO/EDT Éireannach más é tuairim na Comhairle gur rinneadh sárú ábhartha ar na Téarmaí agus Coinníollacha sin.

12. DÍNIT I mBUN TAIGHDE

- 12.1 Tacaíonn an Chomhairle le córas taighde ina gcuirtear ar a gcumas do thaighdeoirí lán a n-acmhainneachta a bhaint amach ag gach céim dá ngairm. Tá comhaltaí agus a meantóirí i dteideal a dtaighde a dhéanamh saor ó aon chineál ciaptha, íospártha nó bulaíochta. Tá sé mar fhreagracht ar an IAO/EDT Éireannach timpeallacht oibre chuí a chinntiú agus déileáil le haon cheist nó gearán go sciobtha, ag teacht le nósanna imeachta casaoide comhaontaithe. Tá ráiteas iomlán na Comhairle ar dhínit le linn taighde a bheith á dhéanamh le fáil ar ár [láithreán gréasáin](#).
- 12.2 Tá foireann go léir na Comhairle i dteideal go gcaithfí leo go múinte measúil i gcónaí agus, dá réir sin, spreagtar iad chun tuairisc a thabhairt don lucht bainistíochta ar chás sáraithe ar bith. Sna cásanna ina mbíonn iompar mhaslach nó neamhchuí ag cur isteach ar bhaill foirne, coimeádann an Chomhairle de cheart aici féin aon iompar den chineál sin a thuairisciú do phearsanra ábhartha san IAO/EDT Éireannach nó d'aon eagraíocht eile a bhfuil baint ag an té sin léi.

Aguisín 1

- Ní ghlactar ach le caiteachas dearbhaithe chun an tionscadal taighde a dhéanamh le linn na dtéarmaí maoinithe comhaontaithe.
- Féadfar na costais seo a leanas a bheith san áireamh sna costais sin, ach ní bheidh siad teoranta dóibh:
 - ábhair agus tomhaltáin;
 - costais trealaimh;
 - bogearraí agus cruá-earraí atá ríthábhachtach don taighde beartaithe;
 - rochtain ar bhonneagar taighde náisiúnta ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear;
 - costais taighde cartlainne;
 - costais réasúnta ar son taistil, cothaithe agus comhdhála;
 - oiliúint do scileanna a bhaineann go díreach le cuspóir(i) na comhaltachta;
 - costais foilseacháin agus scríofa amach;
 - costais réasúnta ar son taistil agus sólaistí do na hábhair agus do dhaoine a ghlacann páirt sa staidéar go deonach.
- Ní ghlactar le costais maireachtála (e.g. cíós).
- Tá teorainn uasta €1,000 i bhfeidhm chun ríomhaire nó ríomhaire glúine a cheannach ach amháin más i gcomhair ríomhaireachta ardfheidhmíochta a theastaíonn siad.
- Ní bheidh ach costais taistil agus cothaithe atá réasúnta agus deimhnithe ar son costais taistil a bhaineann go díreach leis an gcomhaltacht incháilithe. Ní mheastar gur costais incháilithe rátaí laethúla agus ní féidir an ciste comhaltachta a úsáid chun costais laethúla a íoc.
- Caithfidh comhaltaí cloí i gcónaí le treoirlínte institiúideacha maidir le speansais taighde dhíreacha incháilithe.
- Caithfidh an IAO/EDT Éireannach bainistíocht airgeadais cheart a chinntiú maidir leis an dámhachtain agus cuntasacht maidir le maoiniú poiblí a úsáid. Ba cheart a chinntiú freisin go gcuirtear aon mhaoiniú nach n-úsáidtear ar ais chuig an gComhairle laistigh de sé mhí ó dheireadh théarma maoinithe an dámhachtaí nó óna (h)aistarraingt luath.